# Vóta 10 Oifig na nOibreacha Poiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; ar sheirbhísí a riartar ag an Oifig sin lena n-áirítear an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, ar íocaíocht deontas áirithe agus ar aisghabháil chaiteachais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna
(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2011, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2010, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Tiomsaítear an Cuntas Leithreasaithe de réir Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta, leis na heisceachtaí liostaithe anseo.

***(a) Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla: Luacháil Talaimh agus Foirgneamh***

1 Tá na luachálacha faoi réir líon mórcháilíochtaí agus níor cheart iad a mheas amhail meastachán reatha i leith luach inréadaithe.

2 Tá na meastacháin, den chuid is mó den phunann, bunaithe ar ghnáthchostais tógála agus baineadh úsáid as na luachanna caighdeánacha talaimh.

3 Taisealbhadh luachanna feabhsaithe do roinnt foirgnimh ghradaim, ar nós Chaisleán Bhaile Átha Cliath, Áras an Uachtaráin agus Theach Laighean.

4 Cuireadh luach ar bhunús 'na húsáide dá bhfuil acu' le maoin atá faoi úinéireacht an Stáit agus faoi áitíocht an OPW.

5 Déantar réadmhaoin a ceannaíodh ó bhí 1 Eanáir 1995 ann a luacháil i dtosach báire ag costas na héadála.

6 Níor áiríodh meastacháin do roinnt bheag maoine agus suíomhanna ilghnéitheacha nach bhfuil mórán tábhachta lena luach iomlán i gcomhthéacs phunann maoine fhoriomlán an OOP.

7 Tá tús curtha ag an OPW le hathbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna reatha luachála a úsáidtear.

8 Níl réadmhaoine náisiúnta stairiúla ná séadchomharthaí náisiúnta san áireamh sa luacháil.

***(b) Sócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt***

Déantar tionscadail tógála a luacháil ar a gcríochnú praiticiúil, is amhlaidh dá réir nach léirítear na tionscadail tógála ar bun amhail an 31 Nollaig 2011 mar shócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt.

***(c) Dímheas***

Dímheastar sócmhainní gléasra agus innealra ar bhonn líne dhíreach feadh a saoil fhónta mheasta.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Táthar tar éis ráiteas um rialú inmheánach airgeadais san fhormáid chaighdeánach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 a chur isteach leis an gcuntas seo chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**C McGrath**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí
27 Márta 2012

# Teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Rinne mé iniúchadh ar Chuntas Leithghabhála an Vóta 10: Oifig na nOibreacha Poiblí le haghaidh 2011 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráitis faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús thuairim an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Fuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo i mo thuairim chun críche m'iniúchta. Is í an tuairim atá agam ná gur choinnigh Oifig na nOibreacha Poiblí leabhair chuntais chuí. Tá an Cuntas Leithghabhála ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Is í an tuairim atá agam go gcuireann an Cuntas Leithghabhála fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 i láthair i gceart.

Tagraíonn caibidil 14 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2011 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 10 ar mheas mé é a bheith oiriúnach tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

**Seamus MacCártaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
13 Méan Fomhair 2012

# Vóta 10 Oifig na nOibreacha Poiblí
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Suim soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A Tionscadail faoisimh thuilte | | | | |
| *Soláthar na bliana reatha* | 69,536 | | | |
| *Forghéilleadh iarchurtha* | 4,000 | 73,536 | 61,216 | 69,356 |
| B An tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS) | | 3,786 | 4,266 | 3,568 |
| C Bainistíocht punann eastáit | | | | |
| *Soláthar na bliana reatha* | 332,062 | | | |
| *Forghéilleadh iarchurtha* | 1,000 | 333,062 | 336,169 | 380,486 |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Soláthar na bliana reatha* | 405,384 | | | |
| *Forghéilleadh iarchurtha* | 5,000 | | | |
| | | **410,384** | **401,651** | **453,410** |
| **Bain de** | | | | |
| D **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **26,631** | **26,928** | **27,965** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Soláthar na bliana reatha* | 378,753 | | | |
| *Forghéilleadh iarchurtha* | 5,000 | | | |
| | | **383,753** | **374,723** | **425,445** |
| **Farasbarr don bhliain** | | | **€9,029,810** | **€9,003,250** |
| **Géilleadh iarchurtha** | | | **€8,000,000** | **€5,000,000** |
| **Farasbarr le tabhairt suas** | | | **€1,029,810** | **€4,003,250** |

| | 2011 Suim soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | |
| (i) Tuarastail, pá agus liúntais | 38,672 | 36,460 | 37,429 |
| (ii) Taisteal agus cothú | 1,383 | 859 | 940 |
| (iii) Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,125 | 765 | 793 |
| (iv) Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,569 | 2,015 | 1,840 |
| (v) Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 2,447 | 2,993 | 2,729 |
| (vi) Costais áitreabh oifige | 1,334 | 1,307 | 1,482 |
| (vii) Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 54 | 11 | 79 |
| | **46,584** | **44,410** | **45,292** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2011

| | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 357,241 | 408,118 |
| Pá | | 36,460 | 37,429 |
| Caiteachas eile | | 7,950 | 7,863 |
| **Ollchaiteachas** [1] | | 401,651 | 453,410 |
| Asbhain | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 26,928 | 27,965 |
| **Glanchaiteachas** | | 374,723 | 425,445 |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (9,327) | | |
| Diúscairtí (airgead) | 107 | | |
| Dímheas | 6,411 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (35) | (2,844) | (22,827) |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí Airgid | | (32) | (47) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 5,877 | | |
| Méadú ar stoc | (122) | | |
| | | 5,755 | 843 |
| **Caiteachas Díreach** | | 377,602 | 403,414 |
| Caiteachas ar sheirbhísí a soláthraíodh saor in aisce do Ranna eile (seirbhísí comhghaolmhara) | | (166,653) | (187,724) |
| Caiteachas ar sheirbhísí leis an OPW ag feidhmiú mar chliant[2] | | (102,543) | (107,872) |
| **Caiteachas Díreach** (cé is moite de sheirbhísí comhghaolmhara agus seirbhísí nuair a fheidhmíonn an OPW mar chliant) | | 108,406 | 107,818 |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Vóta 7 – Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | | 17,360 | 22,139 |
| **Costas Iomlán Oibriúcháin**[3] | | **125,766** | **129,957** |

[1]Faightear an figiúr seo ó olltoradh Vóta 10 amháin (€401.651m) ach ba é luach iomlán idirbheart airgeadais OOP le linn 2011, ag cur san áireamh caiteachas díreach a tabhaíodh ag OOP agus a gearradh ar Vótaí eile, ná €487.055m.

[2] Laghdaíodh figiúr an Chaiteachais Dhírigh €102.5 milliún; is é sin glanchostas na seirbhísí ina bhfeidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) mar chliant i mbun oibreacha áirithe nó ag urrú oibreacha áirithe thar ceann an Stáit (m.sh. cothabháil draenála, faoiseamh ó thuilte, cothabháil réadmhaoine oidhreachta, deontais le haghaidh oibreacha áirithe feabhsúcháin, íocaíochtaí le haghaidh an Ionaid Chomhdhála, Baile Átha Cliath agus na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair). Níl costas na n-oibreacha ná na ndeontas sin mar chuid de chostais reatha an OOP.

[3] Ní áirítear leis an bhfigiúr do chostas oibriúcháin suim le haghaidh íocaíochtaí ná ioncam barúlach.

(i) Meastar gurb ionann na measchíosanna atá infhaighte don OPW maidir le maoin faoi úinéireacht an Stáit agus tuairim is €71m. Ní áirítear cíosanna barúlacha, a mheastar gurb ionann iad agus €2.6 milliún, atá iníoctha ag an OOP.

(ii) Níor áiríodh suimeanna leis an ráiteas i ndáil le measioncam ó Ranna cliaint i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí saor in aisce faoi láthair.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.1 | 3,046,978 | 3,268,717 |
| **Sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt** | 2.2 | 64 | 81 |
| | | **3,047,042** | **3,268,798** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.3 | 48,310 | 40,759 |
| Stoic | 2.4 | 2,361 | 2,239 |
| Réamhíocaíochtaí | | 25,505 | 33,001 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,216 | 3,125 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 912 | 4,160 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **80,304** | **83,284** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 6,945 | 7,816 |
| Ioncam iarchurtha | | 149 | 865 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 40,781 | 38,916 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 8,441 | 6,003 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **56,316** | **53,600** |
| **Glandliteanais reatha** | | **23,988** | **29,684** |
| **Glansócmhainní** | | **3,071,030** | **3,298,482** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **3,071,030** | **3,298,482** |

## 2.1 Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra agus innealra | Troscán trealamh | Oifige agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2011 | 3,241,701 | 40,208 | 21,288 | 18,654 | 3,321,851 |
| Breiseanna | 9,451 | 1,789 | 1,260 | 569 | 13,069 |
| Diúscairtí | (262) | (1,340) | (370) | (34) | (2,006) |
| Athluachálacha | (228,053) | — | — | — | (228,053) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2011 | **3,022,837** | **40,657** | **22,178** | **19,189** | **3,104,861** |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011 | — | 26,153 | 15,795 | 11,186 | 53,134 |
| Dímheas don bhliain | — | 3,504 | 1,875 | 1,032 | 6,411 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,293) | (345) | (24) | (1,662) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2011 | — | **28,364** | **17,325** | **12,194** | **57,883** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | **3,022,837** | **12,293** | **4,853** | **6,995** | **3,046,978** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010** | **3,241,701** | **14,055** | **5,493** | **7,468** | **3,268,717** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt

amhail an 31 Nollaig 2011

| | Gléasra agus innealra €000 |
|---|---|
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2011 | 81 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 32 |
| Aistrithe chuig clár sócmhainní | (49) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2011 | 64 |

## 2.3 Banc agus Airgead

amhail an 31 Nollaig

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna bainc | 51,801 | 67,583 |
| Orduithe gan íoc | (3,491) | (26,824) |
| | 48,310 | 40,759 |

## 2.4 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stoic innealtóireachta | 1,126 | 1,118 |
| Stoic iosta oidhreachta | 709 | 728 |
| Ábhair thógála | 403 | 325 |
| Páipéar agus stáiseanóireacht | 87 | 59 |
| Stoic ilghnéitheacha | 36 | 9 |
| | 2,361 | 2,239 |

## 2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Cuntais chothabhála | — | 3,086 |
| Aisíocaíochtaí pinsin atá dlite ón Roinn Airgeadais | 753 | 831 |
| Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta | 67 | — |
| Táillí seirbhíse | 92 | 181 |
| Ionaid iascaigh | — | 59 |
| Caisleán Barretstown | — | 3 |
| | 912 | 4,160 |

## 2.6 Iarmhéideanna Eile Sochair

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 999 | 834 |
| Tobhach Ioncaim | 392 | 147 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 849 | 1,097 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 957 | 975 |
| Cáin Bhreisluacha | 7,578 | 3,540 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 284 | 264 |
| Fáltais ó dhíol maoine Stáit | 76 | 26 |
| Aisíocaíochtaí Iasachta | 34 | 908 |
| | 11,169 | 7,791 |
| | | |
| Asbhaintí den phárolla atá a gcoinneáil ar fionraí | 949 | 961 |
| Cuntais oibreacha éagsúla | 14,934 | 19,490 |
| Oibreacha sláinte agus sábháilteachta | — | 92 |
| Cuntais MSC neamh-phárolla | 5,882 | 4,925 |
| Céatadán le haghaidh ealaíne | 2,573 | 3,007 |
| Fáil láithreán le haghaidh na Roinne Oideachais | 906 | 947 |
| Seirbhísí troscáin | 1,186 | 1,260 |
| Cuntais chothabhála | 1,067 | — |
| Tionscadail phríosúin | 22 | 199 |
| Cuntais chíosa | 2,093 | 244 |
| | 40,781 | 38,916 |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,030 | 4,003 |
| Iarchurtha agus le tabhairt suas | 8,000 | 5,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (589) | (3,000) |
| Glandliteanas don Státchiste | 8,441 | 6,003 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 48,310 | 40,759 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 912 | 4,160 |
| | 49,222 | 44,919 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (11,169) | (7,791) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (29,612) | (31,125) |
| | (40,781) | (38,916) |
| | | |
| | 8,441 | 6,003 |

## 2.8 Ceangaltais

### (A) Ceangaltais neamhchaipitiúla

Meastar gurb é €2,586,121 an figiúr do thiomantais neamhchaipitil ar dócha go n-eascróidh siad i 2012 agus níos déanaí, gan an Lárionad Náisiúnta Coinbhinsiúin a chur san áireamh (féach thíos).

B'ann do cheangaltais gan íoc ag deireadh 2011 i ndáil le cíos maoine ar léas – bheadh soláthar sonrach nó íostréimhse fógra i gceist le léasanna níos fadtéarmaí de ghnáth i leith luathchríochnú. Níor áiríodh figiúirí do na ceangaltais sin sa chuntas seo ach meastar gurb ionann iad agus €112m in 2012.

### (B) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla

Mionsonraítear sa tábla seo a leanas an caiteachas sa bhliain 2011 agus na ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin de bhun tionscadail chaipitil mar a raibh conarthaí in-fhorfheidhmithe dlíthiúla ann amhail an 31 Nollaig 2011.

| | € |
|---|---|
| Caiteachas in 2011 | 89,914,112 |
| Ceangaltais le baint amach (2012-2015) | 159,541,161 |

**(C) Mórthionscadail chaipitiúla**

Tabhaíodh caiteachas ar aon mhórthionscadal déag i rith 2011 mar a sáróidh an costas measta iomlán den tionscadal ar leith €6.5m. Is iad seo a leanas mionsonraí na dtionscadal sin:

| | Caiteachas ina dhiaidh seo go dtí an 31 Nollaig 2010 | Carnach 2011 | Caiteachas blianta |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Tionscadal** | | | |
| **Tionscadail dílárnaithe** | | | |
| Dhroichead Nua | 26,480 | 743 | 2,268 |
| Thiobraid Árann | 881 | 4,879 | 9,127 |
| Loch Garman | 19,071 | 572 | 900 |
| Ros Comáin | 13,759 | 293 | 30 |
| **Scéim fhaoisimh tuile** | | | |
| Mhala Thuaidh | 18,357 | 472 | 750 |
| Mhala Theas | 1,671 | 4,185 | 8,000 |
| Chluain Meala Thiar | 18,391 | 3,419 | 2,000 |
| Chluain Meala Thuaidh | 3,158 | 7,856 | 7,700 |
| Inis Uachtaraigh | 9,423 | 2,222 | 2,055 |
| Mhainistir Fhear Maí Thuaidh | 5,208 | 1,021 | 1,100 |
| Abhainn na Tulcha | 18,357 | 14 | 1,000 |

**(D) Costais Chaipitiúla ar Thionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas go dtí 31 Nollaig 2010 | Caiteachas in 2011[1] | Iarmhéid gan íoc ar chostas caipitiúil an tionscadail ar sheachadadh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath | 35,028 | 10,456 | 241,491 | 286,975 |

Tá tiomantas i bhfeidhm freisin maidir leis an Lárionad Náisiúnta Coinbhinsiúin €380m a íoc (in olltéarmaí luacha reatha ag Aibreán 2007) thar shaolré an chonartha. Íocadh an chéad tráthchuid i 2010.

[1] Léirítear caiteachas sa bhliain reatha maidir le haisíoc chostas caipitiúil na sócmhainne, gan costas mhaoiniú an CPP san áireamh.

## 3 Caiteachas Cláir

| | | | 2011 Suim soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Tionscadail Faoisimh Thuilte** | | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | | 7,920 | 6,891 | 7,657 |
| A.2 | Riarachán- Caitheachas eile | | 2,172 | 1,919 | 2,133 |
| A.3 | Ceannach gléasra innealtóireachta agus innealra | | 800 | 812 | 2,821 |
| A.4 | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | | 1,410 | 925 | 1,305 |
| A.5 | Tionscadail faoisimh thuilte | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 41,000 | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 4,000 | 45,000 | 34,904 | 38,633 |
| A.6 | Draenáil - cothabháil | | 16,234 | 15,765 | 16,807 |
| | | | **73,536** | **61,216** | **69,356** |
| **B** | **An tSeirbhís Náisiúnta Fála** | | | | |
| B.1 | Riarachán - Pá | | 2,504 | 2,747 | 2,463 |
| B.2 | Riarachán- Caiteachas eile | | 320 | 330 | 339 |
| B.3 | Seirbhísí foilseachán rialtais | | 247 | 176 | 270 |
| B.4 | An tSeirbhís Náisiúnta Fála | | 715 | 1,013 | 496 |
| | | | **3,786** | **4,266** | **3,568** |
| **C** | **Bainistíocht Punann Eastáit** | | | | |
| C.1 | Riarachán - Pá | | 28,248 | 26,822 | 27,310 |
| C.2 | Riarachán- Caiteachas eile | | 5,420 | 5,701 | 5,390 |
| C.3 | Foireann tís an Uachtaráin (pá) | | 797 | 839 | 815 |
| C.4 | Deontas co chumann Zó-Eolaíochta na hÉireann | | 500 | 100 | 2,500 |
| C.5 | Deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe | | 1,000 | 1,000 | 2,000 |
| C.6 | Ceannach láithreán agus foirgneamh | | 1,000 | 363 | 8,193 |
| C.7 | Oibreacha nua,athruithe agus breiseanna | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 54,500 | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 1,000 | 55,500 | 55,602 | 88,977 |
| C.8 | Cothabháil réadmhaoine agus soláthairtí | | 36,698 | 35,833 | 35,446 |
| C.9 | Cíosanna, rataí etc. | | 115,944 | 117,568 | 127,908 |
| C.10 | Breosla, leictreachas agus uisce | | 1,323 | 1,559 | 1,706 |
| C.11 | Íocaíochtaí aonadacha | | 50,500 | 54,200 | 41,031 |
| C.12 | Seirbhísí oidhreachta (fotheideal I) | | 36,132 | 36,582 | 39,210 |
| | | | **333,062** | **336,169** | **380,486** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach fo-theidil chaiteachais mar a raibh an toradh níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 5% (25% i gcás na bhfo-theideal riaracháin)

| Fotheideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.4. | 485 | Tá an choigilt ann mar thoradh ar fholúntais leanúnacha foirne agus éifeachtúlachtaí a baineadh amach ar chostais neamhphá. |
| A.5. | 10,096 | D'eascair an coigilteas mar gheall ar mhoill maidir le cur chun cinn roinnt scéimeanna Faoisimh Tuile ag Inis, Mainistir Fhear Maí, Bré agus Cluain Tarbh, agus mar gheall ar dhul ar gcúl sceidil i dtaca le staidéir faoi Mheasúnú agus faoi Bhainistiú Riosca Tuile Limistéir. |
| B.4. | (298) | Bhain an farasbarr go príomha le caiteachas ar sheirbhísí comhairleora fhuinnimh a bhí níb'airde ná mar a bhíothas ag dréim leis. |
| C.4. | 400 | Iarchuireadh cuid den deontas siocair nár tháinig oibleagáidí conarthacha aníos in 2011. |
| C.6. | 637 | Ní dheachaigh roinnt éadálacha a rabhthas ag súil leo ar aghaidh in 2011. |
| C.10. | (236) | Tháinig laghdú ar an gcaiteachas ar an bhfotheideal seo ón mbliain 2010. Ní raibh an meastachán a tugadh in 2011 dóthanach le freastal ar na costais fuinnimh a bhain le foirgnimh ardghradaim agus neamh-leithdháilte. |
| C.11. | (3,700) | Tá an barrachas ann mar thoradh ar íoc dliteanas breise CBL níorbh fhéidir é seo a dhéanamh amach roimh an gconradh. |

# 4 Fáltais

## 4.1 Leithghabhálacha-i-gcabhair

| | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Cíosanna, táillí ceadúnais etc. | 4,000 | 4,117 | 4,206 |
| 2. Bainistíocht imeachtaí agus áiseanna | 1,181 | 1,197 | 1,258 |
| 3. Fáltais le haghaidh Seirbhísí Foilsithe don Rialtas | 920 | 1,050 | 1,242 |
| 4. Gnóthaithe i leith seirbhísí a tugadh ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | 8,025 | 8,060 | 8,841 |
| 5. Díolacháin ag Séadchomharthaí Náisiúnta agus Ionad Cuairteoirí Sealúchais Stairiúla | 642 | 482 | 481 |
| 6. Táillí isteach ag Séadchomharthaí Náisiúnta agus sealúchais stairiúla | 4,677 | 5,495 | 4,866 |
| 7. Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, diúscairtí etc. | 2,186 | 1,612 | 1,931 |
| 8. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 5,000 | 4,915 | 5,041 |
| *Fáltais i leith ús bainc, ús pionósach etc.* | — | — | *99* |
| **Iomlán** | **26,631** | **26,928** | **27,965** |

**Míniú ar na mórathruithe**
Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal lenar bhain toradh breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 3 | (130) | Bhí an barrachas ann de bharr gur díoladh cóipeanna breise d'fhoilseacháin agus den Iris Oifigiúil. |
| 5 | 160 | Bhí na fáltais ar aon dul le díolacháin na mblianta roimhe. Níor cuireadh athchatagóiriú fáltas in 2010 in iúl i meastacháin 2011. |
| 6 | (818) | Bhí na hadmhálacha níba mhó ná mar a bhíothas ag dréim leis mar gheall ar líon méadaithe cuairteoirí ag láithreáin ghnóthacha i 2011. |
| 7 | 574 | Bhí an sprioceasnamh níba lú ná mar a bhíothas ag dréim leis maidir le géilleadh léasa ag tionóntaí OOP. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana** | | |
| Gráid na seirbhíse sibhialta | 631 | 644 |
| Gráid shonracha an OOP | 1,126 | 1,185 |
| | 1,757 | 1,829 |

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 81,782 | 83,899 |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | |
| Gráid na seirbhíse sibhialta | 328 | 322 |
| Gráid shonracha an OOP | 774 | 954 |
| **Liúntais eile** | | |
| Gráid na seirbhíse sibhialta | 8 | 10 |
| Gráid shonracha an OOP | — | — |
| **Ragobair** | | |
| Gráid na seirbhíse sibhialta | 138 | 182 |
| Gráid shonracha an OOP | 3,813 | 3,963 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | |
| Gráid na seirbhíse sibhialta | — | — |
| Gráid shonracha an OOP | 1,107 | 1,074 |
| PRSI Fostóra | 6,850 | 6,873 |
| Pá iomlán | 94,800 | 97,277 |

**Nóta:** Áirítear san fhigiúr iomlán pá an pá i gcláir A, B, agus C agus áirítear pá freisin le haghaidh 417 ball foirne sealadach agus séasúrach breise in 2011.

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 € | Uasíocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise** | | | | |
| Gráid na seirbhíse sibhialta | 86 | 3 | 14,877 | 19,605 |
| Gráid shonracha an OOP | 1,080 | 1 | 15,618 | 14,593 |
| **Liúntais Eile** | | | | |
| Gráid na seirbhíse sibhialta | 31 | — | 338 | 5,598 |
| Gráid shonracha an OOP | — | — | — | — |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid na seirbhíse sibhialta | 35 | 3 | 14,448 | 22,050 |
| Gráid shonracha an OOP | 630 | 113 | 34,999 | 31,021 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | | | |
| Gráid na seirbhíse sibhialta | — | — | — | — |
| Gráid shonracha an OOP | 672 | 1 | 12,383 | 9,016 |

**Nóta:** Fuair daoine áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin.

## 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Rinne an OOP seachtar státseirbhíseach a bhí ar scor agus a raibh pinsean na seirbhíse sibhialta á fháil acu a fhostú athuair chomh maith le hiad a íoc caol díreach. Bhain costas €148,438 leis seo.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Leithdháileadh Iarchurtha

Tugadh anall chuig an mbliain 2011, faoi réir fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, €8m de leithdháiltí neamhchaite i ndáil leis na heilimintí caipitiúla de na fotheidil.

## 6.2 Íocaíochtaí Cúitimh

Íocadh cúiteamh agus costais dlíthiúla agus ilghnéitheacha ghaolmhara de €346,739 san iomlán, idir €10,148 agus €181,007 i sé chás d'éilimh ghortaithe phearsanta ag fostaithe.

Íocadh suimeanna idir €6,987 agus €74,338 (€168,035 ar an iomlán) chun sé n-éileamh i leith gortuithe do dhaoine ar Mhaoin an Stáit a réiteach.

## 6.3 Tabhairt Anonn an Bhuiséid Riaracháin

Faoi mar a comhaontaíodh leis an Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi scéim tharmligthe an bhuiséid riaracháin, áirítear tabhairt anonn de €0.588m leis an Meastachán don bhliain 2012.

## 6.4 Soláthar Seirbhísí Gníomhaireachta

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 10, is amhlaidh a fheidhmíonn OOP mar ghníomhaire, agus a thabhaíonn siad caiteachas, thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile. Is iad OOP a sholáthraíonn an cistiú don chaiteachas sin trí urraíocht a dhéanamh don roinn/ghníomhaireacht, agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an cliant-eagrais. B'ionann €68m agus an caiteachas iomlán in 2011. B'iad na príomhnithe ar ar caitheadh seo móroibreacha caipitil (€22m), oibreacha cothabhála (€20m), léasú cóiríochta (€12m) iasachtaí áitiúla (€9m) mar aon le hoibreacha sláinte agus sábháilteachta (€1m).

Tugann an OOP aghaidh freisin ar róil shonracha nach meallann cistí vótáilte an OOP a éilíonn ionchur agus acmhainní ar bhonn leanúnach, e.g. comhairle a thabhairt maidir le cúrsaí ailtireachta, roghanna fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt, iniúchtaí uilíocha rochtana a dhéanamh, tograí i dtaobh coisc le tuile a scrúdú agus a chur i bhfeidhm, suíomhanna i gcomhair bunscoileanna a aimsiú, a mheas agus a fháil, cúrsaí soláthair maidir le tionscadail ar leith (athfhorbairt Bhóthar Lansdún, an Ceoláras Náisiúnta, an Ionaid Chomhdhála, Baile Átha Cliath), bainistíocht ealaíne laistigh de phunann an Stáit agus íocaíocht deontas spóirt ar leith a dheimhniú thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Cuireadh an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (NPS) ar bun sa bhliain 2009 agus tá an ról soláthair comhchuimsithe anois acu a bhíodh faoi chúram Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais (GSA) roimhe seo. Rinne an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair conarthaí íostarraingthe a riar do chomhlachtaí poiblí eile, le luach measta de €434m i 2011.

## 6.5 Seirbhísí a soláthraíodh do Ranna agus Oifigí in 2011 (Fotheideal C9 Cíosanna, Rátaí etc.)

| **Ranna, etc.** | **2011 Meastachán Soláthar €000** | **2011 Toradh €000** | **2010 Toradh €000** |
|---|---|---|---|
| Tithe an Oireachtas | 1,782 | 1,631 | 1,917 |
| An Taoiseach | 491 | 180 | 528 |
| Airgeadas/ Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 1,771 | 1,817 | 1,905 |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 1,068 | 1,164 | 1,149 |
| An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 549 | 620 | 591 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 18,595 | 21,947 | 21,242 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,663 | 4,111 | 4,381 |
| An tArd-Aturnae | 78 | 106 | 84 |
| Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí | 2,001 | 1,765 | 2,153 |
| An Oifig Luachála | 1,633 | 1,834 | 1,757 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 2,640 | 2,159 | 2,840 |
| An tOmbudsman | 1,071 | 1,123 | 1,153 |
| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 668 | 569 | 719 |
| Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 13,851 | 13,077 | 14,878 |
| An Garda Síochána | 8,445 | 8,517 | 9,086 |
| Na Príosúin | 391 | 84 | 1,183 |
| An tSeirbhís Chúirteanna | 1,398 | 1,109 | 1,504 |
| An tÚdarás Clárucháin Maoine | 1,275 | 1,145 | 1,372 |
| Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil* | 2,917 | 5,043 | 3,168 |
| Oideachas agus Scileanna | 4,425 | 4,867 | 4,842 |
| Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 5,335 | 5,213 | 5,740 |
| Coimirce Shóisialach | 15,705 | 15,012 | 14,761 |
| Sláinte | 3,423 | 2,458 | 3,683 |
| Talmhaíocht agus Bia | 5,225 | — | 7,806 |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara* | — | 4,987 | — |
| Post, Fiontar agus Nuálaíocht | 6,385 | 6,421 | 6,870 |
| Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha* | 3,444 | 3,675 | 3,706 |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt* | 4,469 | 5,583 | 5,479 |
| Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta | 921 | — | 1,955 |
| Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltachta* | 677 | 451 | 728 |
| Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige | 896 | — | — |
| An Gailearaí Náisiúnta | 97 | 109 | 105 |
| Cosaint | 556 | 690 | 598 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 99 | 101 | 25 |
| **Iomlán** | 115,944 | 117,568 | 127,908 |

* D’athraigh teidil agus feidhmeanna na Roinne i 2011.